An tír ina cíor thuathail

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhíshocracht ar Shráid Laighean inniu. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth a bhfuil muintir na hÉireann an-mhíshásta faoi láthair?
Ar cheart don rialtas éirí as, dar leat? Cén fáth?
An síleann tú go bhfuil Brian Cowen ina Thaoiseach maith?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. uncertainty _____
2. event _____
3. demonstrators _____
4. excitement _____
5. opposition _____
6. general election _____
7. in light of _____
8. to retire _____
9. leadership _____
10. independent _____
11. usually _____
12. to assume _____
13. earlier _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus breac síos in aon abairt amháin cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

Aengus Ó Snodaigh
James Reilly
Eamon Gilmore
Thomas Byrne

Ceist 4 '. . . measaim go m*beidh*. . .'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i *gcló iodálach* thuas?

(a) Bain úsáid as na briathra seo chun rialacha na ngnéithe a chur in iúl anois. Ná déan dearmad an fhoirm cheisteach a léiriú chomh maith leis na freagraí diúltacha agus dearfacha. Tá sampla tugtha.

bí, ceannaigh, cuir, bog, fógair, bris, imigh

beidh mé, beidh tú, beidh sé/sí, beimid, beidh sibh, beidh siad, an mbeidh tú? beidh/ní bheidh

(b) Cum ceisteanna leis na briathra seo anois le cur ar an duine in aice leat. Beidh an duine sin ag cur ceisteanna ortsa chomh maith. Tabhair freagraí gonta ar na ceisteanna.

Ceist 5 **'**Mí Eanáir'

(a) Scríobh síos míonna na bliana:

Eanáir _____

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

(b) Scríobh síos míonna na bliana leis an fhocal 'mí' rompu:

Mí Eanáir _____

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

(c) Scríobh síos míonna na bliana leis na focail 'mí' agus 'tús' rompu:

Tús mhí Eanáir _____

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ceist 6 '. . . muinín caillte acu as . . .'
Baintear úsáid as forainmneacha réamhfhoclacha go minic i nathanna cainte laethúla. Cuir Gaeilge ar na nathanna seo:

I have red hair.
He failed his exam.
I have a headache.
She does not trust him.
It surprised me.
She was jealous of her sister.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. uncertainty	*éiginnteacht*
2. event	*eachtra*
3. demonstrators	*léirsitheoirí*
4. excitement	*sceitimíní*
5. opposition	*freasúra*
6. general election	*olltoghchán*
7. in light of	*i bhfianaise*
8. to retire	*éirigh as*
9. leadership	*ceannaireacht*
10. independent	*neamhspleách*
11. usually	*go hiondúil*
12. to assume	*talamh slán a dhéanamh de*
13. earlier	*níos túisce*

Ceist 3
Aengus Ó Snodaigh: Síleann sé gur cheart don Chomhaontas Glas toghchán a éileamh anois má tá muinín caillte acu as an rialtas.
James Reilly: Deir sé gur cheart don Taoiseach dul go dtí Áras an Uachtaráin agus éirí as.
Eamon Gilmore: Tá sé den bharúil gur cheart olltoghchán a bheith ann láithreach.
Thomas Byrne: Cé go bhfuil meas aige ar an Taoiseach, tuigeann sé go bhfuil deacrachtaí ag an phobal leis agus beidh na nithe sin á bplé i gcruinniú sa Pharlaimint amárach.

Ceist 4
An aimsir fháistineach atá i gceist anseo.

- ceannóidh mé, ceannóidh tú, ceannóidh sé/sí, ceannóimid, ceannóidh sibh, ceannóidh siad, an gceannóidh sé? ceannóidh / ní cheannóidh.
- cuirfidh mé, cuirfidh tú, cuirfidh sé/sí, cuirfimid, cuirfidh sibh, cuirfidh siad, an gcuirfidh tú? cuirfidh / ní chuirfidh.
- bogfaidh mé, bogfaidh tú, bogfaidh sé/sí, bogfaimid, bogfaidh sibh, bogfaidh siad, an mbogfaidh siad? bogfaidh / ní bhogfaidh.
- fógróidh mé, fógróidh tú, fógróidh sé/sí, fógróimid, fógróidh sibh, fógróidh siad, an bhfógróidh sí? fógróidh / ní fhógróidh.
- brisfidh mé, brisfidh tú, brisfidh sé/sí, brisfimid, brisfidh sibh, brisfidh siad, an mbrisfidh tú? brisfidh / ní bhrisfidh.
- imeoidh mé, imeoidh tú, imeoidh sé/sí, imeoimid, imeoidh sibh, imeoidh siad, an n-imeoidh sibh? imeoidh / ní imeoidh.

Ceist 5
(a) Eanáir
Feabhra
Márta
Aibreán
Bealtaine
Meitheamh
Iúil
Lúnasa
Meán Fómhair
Deireadh Fómhair
Samhain
Nollaig

(b) mí Eanáir
Mí Feabhra
Mí an Mhárta nó Mí na Márta
Mí Aibreáin
Mí na Bealtaine
Mí an Mheithimh
Mí Iúil
Mí Lúnasa
Mí Mheán Fómhair
Mí Dheireadh Fómhair
Mí na Samhna
Mí na Nollag

(c) tús Mhí Eanáir
tús Mhí Feabhra
tús Mhí an Mhárta nó Mí na Márta
tús Mhí Aibreáin
tús Mhí na Bealtaine
tús Mhí an Mheithimh
tús Mhí Iúil
tús Mhí Lúnasa
tús Mhí Mheán Fómhair
tús Mhí Dheireadh Fómhair
tús Mhí na Samhna
tús Mhí na Nollag

Ceist 6
I have red hair – Tá gruaig rua orm.
She does not trust him – Níl muinín aici as.
He failed his exam – Theip air sa scrúdú.
It surprised me – Tháinig sé aniar aduaidh orm.
I have a headache – Tá tinneas cinn orm.
She was jealous of her sister – Bhí sí in éad lena deirfiúr.

Sorcha Ní Riada
Bhí éiginnteacht le brath san aer i dTeach Laighean an tráthnóna ar fad agus an eachtra seo le léirsitheoirí ó Shinn Féin ag Tithe an Rialtais ag cur leis na sceitimíní. Níorbh fhada gur tháinig an freasúra amach ag lorg olltoghcháin gan mhoill i bhfianaise an méid a bhí le rá ag an gComhaontas Glas níos luaithe.

Aengus Ó Snodaigh, Sinn Féin
Measaim go bhfuil sé seafóideach go hiomlán go bhfuil na Glasaigh ag fanacht go dtí Mí Eanáir. Má tá muinín caillte acu sa rialtas ba chóir go mbeadh an toghchán anois.

James Reilly, TD, Fine Gael
Tá olltoghchán ag teastáil uainn agus ba cheart don Taoiseach dul go dtí an tÁras[i] (Áras an Uachtaráin) agus éirí as.

Eamon Gilmore, TD, An Lucht Oibre
Agus, i mo thuairim féin, ba cheart go mbeadh an t-olltoghchán[ii] sin againn láithreach.

Sorcha Ní Riada
Ardaíodh ceisteanna leis faoi cheannaireacht Brian Cowen ar Fhianna Fáil.

Thomas Byrne, TD, Fianna Fáil
Tá a lán díomá ar a lán daoine. Measaim féin go bhfuil Brian Cowen . . . *eh*. . .is fear an-deas[iii] é agus is fear é a oibríonn go crua agus níl aon deacrachtaí agamsa le Brian Cowen. Ach, is soiléir go bhfuil deacrachtaí ag an bpobal, agus measaim go mbeidh na rudaí seo, go mbeidh muid ag caint faoi na rudaí seo ag an gcruinniú don Pháirtí Parlaiminte amárach.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.
Eimear Ní Chonaola
Níos luaithe dúirt an bheirt Teachtaí Dála neamhspleácha a thugann tacaíocht don rialtas go hiondúil, Michael Lowry agus Jackie Healy Rae nach bhféadfadh an rialtas talamh slán a dhéanamh dá vótaí siúd níos mó. Agus, dúirt an tIar-Aire Rialtais Willie O'Dea nach gcuirfeadh sé aon iontas air dá mbeadh olltoghchán ann níos túisce ná Mí Eanáir.

---

[i] *an áras* a deirtear
[ii] *an olltoghchán* a deirtear
[iii] *ana-dheas* a deirtear i gcanúint na Mumhan